Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5457/23**

**AGRI 16**
**AGRIORG 4**
**AGRIFIN 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>– *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>– *Malartú tuairimí* |

Mar ullmhúchán don Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 30 Eanáir 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn doiciméad cúlra.

**IARSCRÍBHINN**

**Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin**

Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin isteach go mór ar mhargaí talmhaíochta domhanda in 2022 agus bhí éiginnteacht ann maidir leis an soláthar bia ann dá bharr sa tréimhse téarnaimh iar-COVID a raibh brú boilscithe maidir le fuinneamh, amhábhair, leasacháin agus lastas ag baint léi cheana féin. Bhí an Rúis agus an Úcráin ina n-onnmhaireoirí móra grán, cruithneachta, arbhair Indiaigh, olashíolta (go háirithe síolta lus na gréine) agus leasachán go dtí gur thosaigh an cogadh. Ina theannta sin, chuir na gníomhaíochtaí chun deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh, a bhí tar éis méadú go mór cheana féin tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. É seo ar fad atá taobh thiar de na harduithe géara praghais ar tháirgí tábhachta talmhaíochta agus ar ionchuir thalmhaíochta.

Tá éiginnteacht fós ann i margaí talmhaíochta an Aontais in ainneoin go bhfuil calafoirt Mhuir Dhubh na hÚcráine á ndíbhlocáil go páirteach agus an rath a bhí ar thionscnamh lánaí dlúthpháirtíochta an Aontais chun cuidiú leis an Úcráin earraí talmhaíochta a onnmhairiú ar gach bealach is féidir – iompar ar iarnród, ar bhóthar agus ar abhainn san áireamh.

Déanann an Coimisiún Eorpach dlúthfhaireachán ar chúrsaí praghsanna, ar fhorbairtí margaí i gcás tráchtearraí talmhaíochta agus bia, agus foilsíonn sé tuarascálacha éagsúla i rith na bliana. Tá fáil anseo thíos ar an leagan is déanaí dá dheais mhíosúil maidir le praghas tráchtearraí a foilsíodh an 21 Nollaig 2022, ar an réamhaisnéis gearrthéarmach a foilsíodh an 5 Deireadh Fómhair 2022 agus ar an réamhaisnéis meántéarmach: https://agriculture.ec.europa.eu/international/agricultural-trade/agricultural-markets-and-prices_en. Táthar ag súil leis an gcéad nuashonrú eile ar an réamhaisnéis gearrthéarmach i mí Feabhra 2023.

Thairis sin, mar fhreagairt ar iarrataí na dtoscaireachtaí, cuireann an Coimisiún nuashonrú rialta ar fáil ina bhfuil staidreamh maidir le honnmhairí talmhaíochta ón Úcráin agus sheol sé comparáid idir onnmhairí gránach agus olashíolta ón Úcráin in 2021 agus 2022. Foilsíodh an leagan is déanaí den nuashonrú rialta agus den chomparáid ar Thairseach na dToscairí an 16 agus an 20 Eanáir faoi seach.

Agus ceisteanna aige faoi shlándáil an tsoláthair bia agus faoi infhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán ar thús cadhnaíochta, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht leasachán an 9 Samhain 2022 – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52022DC0590(01) — agus Doiciméad Inmheánach Oibre maidir le tiománaithe slándála bia an 4 Eanáir 2023 – [https://commission.europa.eu/system/files/2023-01/SWD_2023_4_1_EN_document_travail_service_part1_v2.pdf](https://commission.europa.eu/system/files/2023-01/SWD_2023_4_1_EN_document_travail_service_part1_v2.pdf)

-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------

D'fhonn an plé a stiúradh ag cruinniú na Comhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 30 Eanáir iarrann an Uachtaránacht ar na Ballstáit trácht a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas atá beartaithe don díospóireacht aireachta:

1. *Tá dúshláin mhóra os comhair earnáil na talmhaíochta agus an bhiashlabhra san Úcráin. Cad iad na gníomhaíochtaí breise ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit lenar féidir leo cabhrú leis an staid san Úcráin a mhaolú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma?*

2. *An é do mheas go bhfuil tionchar ar leith ag an gcogadh san Úcráin ar roinnt earnálacha agus/nó réigiún talmhaíochta san Aontas Eorpach? Más ea, cad iad na gníomhaíochtaí nó na bearta a thuarfá chun a ndeacrachtaí a mhaolú ar an mbealach is fearr, an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an gcúlchiste talmhaíochta san áireamh? Ar cheart coinníollacha speisialta a chur leis na bearta atá beartaithe?*